


Tionscadal Caipitil 966

# Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí

## Nuashonrú maidir leis an Tionscadal

**Earrach 2021**

EIRGRID

Todhchaí fuinnimh níos glaine a bhaint amach




# Cé hiad EirGrid – agus cad a dhéanaimid?

Tá EirGrid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachais – anois agus amach anseo.

Déanaimid an gréasán tarchurtha leictreachais a fhorbairt, a bhainistiú agus a fheidhmiú. Tugtar ar an eangach seo cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil gá léi ar fud na hÉireann. Bainimid úsáid as an eangach seo chun cumhacht a sholáthar don tionscadal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Tugtar cumhacht ar an eangach freisin don ghréasán dáileacháin agus soláthraítear an leictreachas a úsáideann sibh gach lá in bhur dtithe, gnólachtaí, scoileanna, ospidéil agus feirmeacha.

## Maidir leis an nuashonrú seo

Tá an nuashonrú seo daoibhse mar pháirtithe leasmhara, pobail, úinéirí talún agus baill den phobal ar mian libh níos mó a fháil amach faoi Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí. Tá curtha ar fáil sa cháipéis seo faisnéis faoin tionscadal, agus toradh an chomhairliúcháin a rinneamar le déanaí ón 6 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 14 Nollaig 2020.

Le linn an chomhairliúcháin seo thugamar cuireadh do pháirtithe leasmhara aiseolas a chur ar fáil maidir le gearrliosta cúig rogha le haghaidh Uasghrádú Chill Dara-na Mí. Bunaithe ar ár measúnuithe agus ar bhur n-aiseolas, shainaithníomar rogha maidir le cábla faoin talamh (Rogha 4) a bheith ar an rogha is feidhmiúla chun an chéad chéim eile den tionscadal seo a thabhairt isteach. Leis seo cuirtear i gcrích Céim 3 inár bpróiseas sé chéim maidir le forbairt eangaí, féach Fíor 2.

Tosóimid anois ag fiosrú cén áit go díreach ar cheart dúinn an tionscadal a thógáil. Inár bpróiseas sé chéim forbartha eangaí, tagraímid dó seo mar Chéim 4 (Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?).

Sa cháipéis seo cuirtear ar fáil faisnéis cothrom le dáta ar an tionscadal, lena n-áirítear:

- a bhfuil i gceist le hUasghrádú EirGrid Chill Dara-na Mí,
- ár gcur chuige i leith an chomhairliúcháin agus na rannpháirtíochta,
- an méid a tharla go dtí seo,
- sonraí faoin rogha is feidhmiúla,
- na chéad chéimeanna eile agus an chaoi ar féidir leat a bheith páirteach, agus
- ceisteanna coitianta ónár gcomhairliúchán.

# Céard é Uasghrádú EirGrid Chill Dara-na Mí?

Le hUasghrádú Chill Dara-na Mí cuirfear ar fáil nasc leictreachais ardtoillis faoin talamh idir fostáisiún Bhaile Uí Dhuinn i gContae Chill Dara (cóngarach do Theach an Dá Mhíle) agus fostáisiún Fhearann na Coille sa Mhí (cóngarach do Bhaile an Bhóthair).

## Cén fáth a bhfuil gá leis an tionscadal agus cad iad na buntáistí?


Beidh an t-uasghrádú ina chabhair chun cumhacht a aistriú ar bhealach níos éifeachtúla go dtí oirthear na tíre agus í a dháileadh laistigh den ghréasán leictreachais sa Mhí, i gCill Dara agus sna contaetha máguaird.

Tá an tionscadal bunriachtanach chun tuilleadh giniúint fuinnimh in-athnuaite a éascú de réir uaillmhianta beartais rialtais 70% ar a laghad d'ídiú leictreachais a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Áirítear leis seo leictreachas a aistriú ó fhoinsí in-athnuaite amach ón gcósta.

Beidh an tionscadal ina chabhair freisin chun an t-éileamh atá ag fás ar leictreachas san Oirthear a shásamh. Tá an fás seo ann mar gheall ar ghníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe agus nasc pleanáilte bonneagair mórscála do thionscal TF agus bonneagar tionscadail eile i gCill Dara, sa Mhí agus i mBaile Átha Cliath.

Ní mór an chumhacht a ghintear sa Deisceart agus san Iardheisceart a aistriú go dtí an áit a bhfuil gá léi san Oirthear. Déantar cumhacht a aistriú trasna na tíre faoi láthair ar dhá líne chumhachta ardvoltais ó Ghob na Muine i gContae an Chláir go dtí fostáisiún Bhaile Uí Dhuinn agus fostáisiún Fhearann na Coille.

Má aistrítear níos mó leictreachais ar na línte seo d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le níos mó fadhbanna ar fud na hÉireann, go háirithe má chailltear ceann de na línte (má chailltear an chumhacht) gan choinne.




**Fíor 1: Na naisc ó Ghob na Muine go Baile Uí Dhuinn agus Fearann na Coille agus an limistéar staidéir idir an dá fhostáisiún aibhsithe. Ní mór dúinn nasc a chur idir Baile Uí Dhuinn agus Fearann na Coille**

# Tairbhí

### Comórtas

Brú anuas a chur ar chostas an leictreachais.

### Inbhuanaitheacht

Aistriú na hÉireann go todhchaí fuinnimh ísealcharbóin a éascú.

### Slandáil Soláthair

Soláthar leictreachais a fheabhsú do thomhaltóirí leictreachais na hÉireann.

### Eacnamaíoch

Cur leis an ngeilleagar réigiúnach agus tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.

### An Pobal

Tairbhe don phobal a chur ar fáil sna limistéir ina n-éascaítear bonneagar an tionscadail.

## Ár gcur chuige i leith an chomhairliúcháin agus na rannpháirtíochta

Inár bhfoilseachán 'Bíodh Deis Labhartha Agat' tugtar achoimre ar ár ngealltanas teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus éisteacht leo. Tugtar achoimre ann ar ár gcur chuige sé chéim mhionsonraithe i leith tionscadail a fhorbairt, agus ar an gcaoi ar féidir leat a bheith páirteach ag gach céim.

In ár bhfoilseachán 'Straitéis Teagmhála Poiblí' déantar ár dtiomantas maidir le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara a atreisiú maidir le tionscadail mar seo a fhorbairt. Is féidir leat cóip den dá fhoilseachán seo a fháil ag **www.eirgrid.ie**.

**Céim 1** Conas a dhéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais a aithint?

**Céim 2** Cé na teicneolaíochtaí trínar féidir freastal ar na riachtanais sin?

**Céim 3** Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfaí tionchar a imirt air?


**Céim 4** Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?

**Céim 5** Iarratas a dhéanamh ar chead pleanála.

**Céim 6** Tógáil, fuinnmhiú (í a dhéanamh beo), agus comhroinnt tairbhí.

**Fíor 2: Ár gcur chuige sé chéim i leith an eangach leictreachais a fhorbairt**

Tá Céim 3 díreach críochnaithe sa tionscadal seo, mar ar shainaithníomar an rogha is feidhmiúla agus an limistéar staidéir leathan. Táimid ag bogadh ar aghaidh anois go dtí Céim 4, mar a sainaithneoimid go díreach an áit a dtógfar an nasc leictreachais faoin talamh.




**Fíor 3: Ár n-amlíne sé chéim le haghaidh Uasghrádú EirGrid Chill Dara-na Mí**

## Cad a tharla go dtí seo?

I **gCéim 1**, d'aithníomar an gá le hUasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí.

I **gCéim 2**, thiomsaíomar gearrliosta de na roghanna teicniúla is feidhmiúla, a chuaigh amach le haghaidh comhairliúchán poiblí idir Samhain 2018 agus Feabhra 2019. Áiríodh leis seo meascán de líne lasnairde, cábla faoin talamh agus teicneolaíochtaí méadaithe voltais. Tógadh ceithre cinn de na roghanna seo chun tosaigh go Céim 3 in Aibreán 2019.

I **gCéim 3**, d'athdheimhníomar an gá leis an tionscadal. D'fhiosraíomar freisin na roghanna gearrliostaithe chun an gréasán leictreachais a neartú idir Baile Uí Dhuinn agus Fearann na Coille.

Ba é seo a leanas an gearrliosta a d'fhiosraíomar:

1. Dhá líne Lasnairde 220 kV reatha a nascadh agus voltas a mhéadú go 400 kV;
2. Líne Lasnairde 400 kV a thógáil;
3. Cábla faoin talamh 220 kV a thógáil;
4. Cábla faoin talamh 400 kV a thógáil ar aon bhealach amháin;
5. Cábla faoin talamh 400 kV a thógáil, ag úsáid dhá sheoltóir nua ar dhá bhealach faoi leith.

Nuair a scrúdaíomar Rogha 4, d'aithníomar go bhfeidhmeodh an cábla ar bhealach éagsúil ag brath ar an gcaoi a dtógtar é (dá roghnófaí an rogha seo). Mar sin chuireamar Rogha 5 san áireamh chun freastal ar an éagsúlú seo.

I mí Dheireadh Fómhair 2020 shainaithníomar Rogha 1 a bheith ar an rogha is feidhmiúla ag teacht chun cinn agus Rogha 4 a bheith ar an malairt is feidhmiúla. Rinneamar comhairliúchán ansin ar na 5 rogha go léir chun cabhrú linn an Rogha is Feidhmiúla a shainaithint.

## Staidéir Chéim 3

I gCéim 3, chuireamar i gcrích raon d'fhiosruithe. Thóg siad seo ar na cinn a rinneamar i gCéim 1 agus i gCéim 2. Tá measúnú déanta againn ar na fiosruithe seo agus chuireamar iad i gcomparáid lena chéile faoi chúig chatagóir:

1. Gnéithe teicniúla;
2. Fachtóirí eacnamaíocha;
3. Fachtóirí comhshaoil:
4. Fachtóirí socheacnamaíocha – amhail an geilleagar áitiúil agus fóntais áitiúla; agus
5. Fachtóirí inseachadta – amhail amlíne agus rioscaí féideartha.

## Céim 3 Teagmháil agus Comhairliúchán

Rinneamar teagmháil go fairsing le páirtithe leasmhara i rith na céime seo den tionscadal. Bhí céim faisnéise tionscadail 10 seachtaine againn ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair 2020 agus bhí céim chomhairliúcháin phoiblí 10 seachtaine againn ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí na Nollag. Mar gheall ar dhúshláin phaindéim COVID-19, rinneamar iarrachtaí breise dul i dteagmháil leis an bpobal. I measc roinnt de na gníomhaíochtaí seo bhí:

- bróisiúr comhairliúchán i mBéarla soiléir a fhoilsiú, chomh maith leis na tuairiscí teicniúla go léir;
- seimineáir phoiblí a óstáil;
- 57,000 ceistneoir saorphoist a scaipeadh ar thithe laistigh den limistéar staidéir;
- fógraíocht i nuachtáin áitiúla, ar raidió, ar stadanna bus, i roinnt ollmhargaí agus ar na meáin shóisialta;
- micrealáithreán tionscadail a fhorbairt (ar fáil ag **www.eirgrid.ie/KildareMeath**);
- taispeántas tionscadail fíorúil a óstáil;
- cruinniú duine le duine lenár bhfoireann teagmhála tionscadail (de réir mar a ceadaíodh mar gheall ar shrianta);
- teagmháil leanúnach ar ghuthán agus trí ríomhphost.

Bhuaileamar freisin leis na Comhairlí Contae, na Comhlachais Tráchtála agus Gréasáin Rannpháirtíochta Phoiblí.

# Rogha is feidhmiúla

## Staidéir Bhreise

I mí Dheireadh Fómhair 2020, shainaithníomar Rogha 1 a bheith ar an rogha is feidhmiúla ag teacht chun cinn agus Rogha 4 a bheith ar an malairt is feidhmiúla. Nuair a rinneamar tuilleadh staidéir ar Rogha 1, d'aimsíomar dá mbeadh na hoibreacha riachtanacha le déanamh ar an líne, bheadh gá le bristeacha níos faide san áit a gcuirfí an líne as seirbhís. Síntear leis seo an amlíne chun Rogha 1 a chur i gcrích agus imríodh tionchar diúltach ar mheasúnú Rogha 1. Nuair a scrúdaíomar Rogha 4 a thuilleadh trí staidéir ghrinne bhreise a dhéanamh, d'aimsíomar gur féidir an cábla faoin talamh a thógáil i dtrinse níos caoile ná mar a cheapamar roimhe. Tá de thoradh air seo amlíne tógála níos éifeachtúla le haghaidh Rogha 4. Leis seo imríodh tionchar dearfach ar mheasúnú Rogha 4.

## Aiseolas Comhairliúcháin

San iomlán, fuarthas 178 freagairt ar an gcomhairliúchán seo. Sna freagairtí comhairliúcháin, cuireadh ar fáil léargas luachmhar ar na dearcthaí agus na tuairimí a bhí ag freagróirí faoi roghanna an tionscadail. Beidh na freagairtí ina gcabhair dúinn freisin chun ár gcomhairliúchán agus teagmháil a phleanáil agus a bhainistiú sa chéad chéim eile den tionscadal seo. Aibhsíodh sna freagairtí tacaíocht agus imní maidir leis na cúig rogha go léir a bhí á meas againn. Chuireamar ar fáil tuilleadh faisnéise maidir leis na hábhair imní ghinearálta níos faide anonn sa doiciméad seo (féach leathanach 10).

Rinneadh anailís agus tuairisc ar gach freagairt. Tá tuairisc an comhairliúcháin ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag **www.eirgrid.ie/KildareMeath**. Chuireamar an t-aiseolas seo san áireamh inár n-athbhreithniú ar na roghanna éagsúla.

## Toradh na Rogha is Feidhmiúla

Bunaithe ar na staidéir bhreise agus ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, shainaithníomar an cábla faoin talamh (Rogha 4) a bheith ar an rogha is feidhmiúla, lena leanfar ar aghaidh anois go dtí Céim 4.

I gCéim 4 fiosróimid cén áit go díreach a dtógfaimid an cábla faoin talamh nua. Déanfaimid comhairliúchán le páirtithe leasmhara, comhpháirtithe agus an pobal sula ndéanfar aon chinntí maidir le bealach.

Tá Tuairisc na Rogha is Feidhmiúla ar fáil ar ár láithreán gréasáin: **www.eirgrid.ie/KildareMeath**.



# Maidir leis an rogha is feidhmiúla: Cábla faoin talamh 400 kV ar aon bhealach amháin;

## Cur Síos

Baineann an rogha is feidhmiúla le cábla nua 400 kV faoin talamh a thógáil go dtí fostáisiún Bhaile Uí Dhuinn agus fostáisiún Fhearann na Coille.

## Suiteáil


Tá d'aidhm againn na cáblaí faoin talamh a shuiteáil sa ghréasán bóithre náisiúnta (seachas trí thailte príobháideacha nó a leithéid) nuair is féidir. Mar gheall ar an gcur chuige seo is fusa an cábla a rochtain má theastaíonn deisiú nó cothabháil. Cé nach bhfuil an bealach cábla deartha fós, is dócha go mbeidh gá le bóithre réigiúnacha, áitiúla a úsáid agus go mbeidh trasnú an ghréasáin náisiúnta bóithre i gceist. Beidh gá le plé le príomhpháirtithe leasmhara amhail údaráis áitiúla agus Bonneagar Iompair Éireann sna míonna atá amach romhainn sula mbeimid in ann bealach cábla sonrach a dheimhniú don tionscadal. Ach déanfaimid machnamh ar shocrú bealaigh trastíre nuair a thagann srianta suntasacha agus drochthionchair fhéideartha chun cinn. Chun tarchur leictreachais a bhaint amach ag úsáid Sruth Ailtéarnach (AC), bheadh trí chábla ag teastáil.

Leagfaí na trí chábla seo sa trinse céanna i mbóthar. Táthar ag súil leis go mbeidh an trinse suas le 2.5 méadar ar leithead (féach Fíor 4). Bheadh limistéar oibre sealadach ag teastáil uainn freisin chun an tsuiteáil a dhéanamh. Leagfaí an cábla i gcodanna. A fhad is a bheimid ag leagan na gcáblaí, beidh srianta tráchta áitiúla ann. Fiosróimid roghanna amhail cuais scoite ag áiteanna áirithe (leathnú bóthair áitiúil) chun an tionchar ar thrácht agus ar phobail a laghdú le linn na n-oibreacha suiteála duchta agus cábla.

Beidh orainn a bheith ag obair ar fhostáisiúin Bhaile Uí Dhuinn agus Fhearann na Coille freisin. Teastóidh bonneagar breise, a bheidh ina chuidiú chun tacú le voltas agus cáilíocht leictreachais a choinneáil. Deimhneofar le fiosruithe breise sonraí aon bonneagair a theastóidh ar fhostáisiúin reatha i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Éascófar leis seo feidhmiú an chábla nua sa deireadh ar an ngréasán tarchurtha reatha.

## Sruth leictreachais

Bainfimid úsáid as Sruth Ailtéarnach Ardvoltais (HVAC) le haghaidh an tionscadail seo. Baintear úsáid as an bhfoirm tarchurtha leictreachais seo go hidirnáisiúnta i ngréasáin leictreachais agus in Éirinn.




**Fíor 4: Gnáthshocrú duchta cábla HVAC faoin talamh**

## Cén chuma atá air, cábla faoin talamh a thógáil?

De réir mar a théann an tionscadal seo ar aghaidh, déanfaimid comhairliúchán agus beimid ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara áitiúla chun aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar chéim thógála an tionscadail a laghdú. Ní thosóidh tógáil roimh 2024. Sna grianghraif seo a leanas tugtar **tuairim ghinearálta** ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar thógáil. Beimid in ann faisnéis níos mionsonraithe a thabhairt an gcuma atá ar an tógáil de réir mar a bheidh forbairt ar an tionscadal.



**Fíor 5: Gnáthshuiteáil duchta cábla sa bhóthar**



**Fíor 6: Gnáthbhá siúntála mar a nasctar cáblaí**




**Fíor 7: Cáblaí á dtarraingt isteach sna duchtanna agus sa bhá siúntála**



**Fíor 8: Gnáthbhá siúntála ag feidhmiú le linn siúntáil cáblaí**

# An limistéar staidéir

Is é seo an ceantar molta ina bhfuiltear ag súil leis an gcábla faoin talamh d'Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí a thógáil. Leagtar amach an limistéar staidéir reatha leis an líne bhriste i bhFíor 9. Athbhreithneofar an limistéar staidéir mar chuid den chéim seo sa tionscadal.




**Fíor 9: Limistéar staidéir thionscadal Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí**

# Na Chéad Chéimeanna Eile

Tá tionscadal Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí anois ag dul isteach i gCéim 4 dá bpróiseas sé chéim chun tionscadail eangaí a fhorbairt. Baineann Céim 4 lena shainaithint cén áit go díreach a dtógfaimid an tionscadal. Sula ndéanfar cinneadh maidir leis an áit a dtógfaimid an tionscadal, forbróimid roghanna bealaí agus déanfaimid comhairliúchán libh agus le páirtithe leasmhara eile maidir leis na roghanna seo nuair a bheidh siad ar fáil. Táimid ag súil leis go dtosóidh an comhairliúchán seo san fhómhar go ceann tréimhse de 12 sheachtain.

## Fóram Pobail Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí

Táimid faoi láthair ag ullmhú chun Fóram Pobail Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí a bhunú. Táimid ag súil leis go dtarlóidh seo faoi Shamhradh 2021.

Áireofar ar bhaill ionadaithe eagraíochtaí pobail agus páirtithe leasmhara eile, amhail baill foirne údaráis áitiúil agus ionadaithe poiblí. Feidhmeoidh an fóram mar chomhlacht comhairliúcháin i rith fhorbairt an tionscadail. Cuirfear ar fáil dúinn leis comhairle maidir le príomhfhorbairtí tionscadail, amhail:

- an chaoi a ndéanaimid cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal,
- an méid ar gá dúinn machnamh a dhéanamh air maidir le roghanna bealaigh a fhorbairt, agus
- conas is féidir linn tairbhe shuntasach phobail a sholáthar don cheantar ina bhfuil ár mbonneagar.

Buailfidh an fóram le chéile go rialta le haghaidh nuashonruithe tionscadail agus chun a chinntiú go mbíonn cumarsáid an dá threo ag dul ar aghaidh.

Ath-eiseoimid cuireadh le haghaidh léirithe spéise le haghaidh ballraíocht san fhóram trí líonraí rannpháirtíochta pobail i gCill Dara agus sa Mhí. Beidh ar bhaill den fhóram a bheith ina mbaill dá líonra rannpháirtíochta pobail áitiúil.

Sa chás nach bhfuil grúpa ina bhall dá líonra rannpháirtíochta pobail, is féidir linn tacaíocht a thairiscint le clárúchán. Foilseoimid faisnéis mhionsonraithe faoi seo agus conas a bheith páirteach ar ár suíomh. Chun fanacht ar an eolas faoin bpróiseas seo, cuir ríomhphost chuig **kildaremeath@eirgrid.com**.

## Uasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí Scéim Tairbhe Pobail

Aithnímid go mbíonn tionchar ag tionscadail bonneagair leictreachais ar chónaitheoirí agus ar ghnólachtaí áitiúla, go háirithe le linn chéim na tógála. A fhad is a bheidh Uasghrádú Chill Dara-na Mí á thógáil, beimid ag obair chun cur le pobail mar chuid dár mbeartas tairbhe pobail.

Is é a bheidh i gceist le hUasghrádú Eangaí Chill Dara-na Mí:

1. Ciste deontas pobal ginearálta;
2. Ciste inbhuanaitheachta chun tacú le haistriú go pobail inbhuanaithe; agus
3. Ciste bithéagsúlachta chun cion glan bithéagsúlachta a chinntiú de thoradh ar an mbonneagar.

Déantar luach na scéime a ríomh ag céim níos faide anonn den tionscadal bunaithe ar luach caipitil na gcostas cáblaithe. An Fóram Pobail a threoróidh agus a mhúnlóidh an scéim tairbhe pobail. Cinntítear leis seo go sealbhóidh pobail Chill Dara agus na Mí an tairbhe agus fágfar leis oidhreacht mharthanach dhearfach i limistéar an tionscadail. Is féidir leat níos mó a fhoghlaim faoinár mbeartas um thairbhe don phobal ar ár láithreán gréasáin.

# Bí ar an eolas

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil, clárú chun ríomhphoist nuashonraithe a fháil nó chun aiseolas a thabhairt ar an tionscadal seo, is féidir leat ríomhphost a chur chuig **KildareMeath@eirgrid.com** nó teagmháil a dhéanamh le d'Oifigeach Teagmhála Pobail, Gráinne Duffy, ar +353 (0)85 887 4798.

# Ceisteanna Coitianta Comhairliúcháin

I dTuairisc Chomhairliúcháin Chéim 3, tá faisnéis ar gach freagairt a cuireadh isteach agus is féidir í a athbhreithniú ar láithreán gréasáin an tionscadail. Leag freagróirí aonair ar an gcomhairliúchán béim ar réimsí spéise ar leith dóibh. Ghrúpáil foireann an tionscadail an t-aiseolas i gceisteanna coitianta. Táthar ag súil leis go dtabharfar leo seo faoi chuid de na ceisteanna agus na hábhair imní a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus ó phobail. Athbhreithneofar na ceisteanna seo de réir mar a fhorbrófar an tionscadal.

## An gcuirfear an tionscadal seo i gcrích dáiríre agus an gcuirfear i gcrích é in am?

Tá an tionscadal seo bunriachtanach chun tuilleadh giniúint fuinnimh in-athnuaite a éascú de réir uaillmhianta beartais rialtais 70% ar a laghad d'ídiú leictreachais a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Tacófar leis an tionscadal seo le níos mó gníomhaíochta eacnamaíche i gCill Dara, sa Mhí agus sna contaetha máguaird. Leis seo san áireamh, déanfar gach iarracht scóip an tionscadail a mheas, é a dhearadh, a thógáil agus a chur i gcrích an bealach is éifeachtaí. Déanfaimid seo a fhad is go mbeimid ag obair go dlúth le pobail, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe agus laistigh d'amlínte pleanála reachtúla.

## Conas a bhainisteoimid costas an tionscadail?

Déanfaimid dlúthmhonatóireacht ar chostais an tionscadail i rith an tionscadail trí úsáid a bhaint as rialachas inmheánach agus creataí tuairiscithe mar a aontaíodh leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas.

## An gcuirtear ar fáil leis an tionscadal seo réiteach fadtéarmach le haghaidh an riachtanais a sainaithníodh?

Cuirtear. Leis an atreisiú seo, cuirfear ar fáil réiteach le haghaidh éileamh tuartha agus fás sa ghiniúint sa chuid seo den ghréasán. San fhadtéarma, d'fhéadfadh sé go dteastódh tuilleadh uasghrádaithe sa limistéar seo mar gheall ar éileamh agus giniúint amach anseo.

## Conas a thrasnóidh an tionscadal srianta amhail mótarbhealaí, aibhneacha agus droichid?

Fiosróimid réitigh chun dúshláin aimsithe bealaigh a shárú, dúshláin mar gheall ar shrianta bonneagair agus/nó timpeallachta, ag úsáid réitigh deartha innealtóireachta éagsúla amhail claondruileáil chothrománach.

## Arbh fhéidir (snáithín) leathanbhanda a chur ar fáil ag an am céanna is atá an tionscadal seo á thógáil?

Le linn chéim na tógála féadfaimid deiseanna a shainaithint chun a bheith ag obair le soláthraithe fóntais eile chun an tionchar ar phobail agus bonneagar bóithre a íoslaghdú. Cé go bhfuil snáithíní san áireamh laistigh de bhonneagar cábla molta, is é an príomhchuspóir atá leis cumarsáid idir na fostáisiúin BSL reatha.

## An mbeidh seo ina chúis le cur isteach ar thrácht?

I gcás tionscadal mór dá leithéid seo, is dócha go gcuirfear isteach ar bhealach éigin ar an trácht. Is dócha go dtógfaidh suiteáil an chábla ar feadh bhealach an tionscadail timpeall 2 go 3 bliana. Ach oibreoimid go dlúth le húdaráis áitiúla, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara aonair chun pleananna bainistithe tráchta a chur i bhfeidhm chun tionchair a íoslaghdú. Beidh plean bainistithe tógála ag an tionscadal a bheidh ina chabhair chun cur isteach ar úsáideoirí bóithre reatha a íoslaghdú nuair a bhíonn na duchtanna á suiteáil.

## An mbeidh an tionscadal seo ina chúis le cur isteach ar rochtain?

Le linn oibreacha bóthair, coinneofar rochtain áitiúil ar áiteanna cónaithe agus gnólachtaí, agus chomh maith leis sin coinneofar an trácht ag bogadh le bainistiú cuí. Táthar ag súil le go rachaidh na hoibreacha ar aghaidh ag timpeall 100 méadar sa lá, rud a chiallaíonn gur féidir le daoine a bheith ag súil go réasúnta leis nach mbeidh obair lasmuigh dá dteach, gnólacht nó áit oibre ann ach ar feadh tréimhse ama teoranta. Féadfaidh amanna a bheith ann nuair a d'fhéadfadh an tréimhse oibre a bheith níos faide mar gheall ar bhá siúntála a shuiteáil. Is é is bá siúntála ann an feireadh ina bhfuil an siúnta agus suitear go buan faoin talamh é.

## An mbeidh tailte príobháideacha ag teastáil le haghaidh an tionscadail seo?

Tá d'aidhm againn cáblaí faoin talamh mar seo a shuiteáil sa ghréasán bóithre náisiúnta (seachas trí thailte príobháideacha nó a leithéid). Mar gheall air seo is furasta rochtain a fháil má theastaíonn deisiúchán nó cothabháil a dhéanamh ar an gcábla.

Ach déanfaimid machnamh ar shocrú bealaigh trastíre nuair a thagann srianta agus tionchair fhéideartha chun cinn. Sa chás seo, rachaidh ár bhfoireann tionscadail i gcomhairle agus i dteagmháil go díreach le húinéirí talún agus páirtithe leasmhara ábhartha chun teacht ar rogha fhabhrach agus inghlactha.

## An gcuirfidh an tionscadal seo isteach ar sholáthar leictreachais le linn tógála?

Cé nach bhfuiltear ag súil leis, d'fhéadfadh sé go dtarlódh roinnt cur isteach ar sholáthar leictreachais le linn tógála. Is dócha go dtógfaidh suiteáil an chábla ar feadh bhealach an tionscadail timpeall 2 go 3 bliana. Oibreoimid go dlúth le BSL, údaráis áitiúla, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara aonair chun pleananna bainistíochta a chur i bhfeidhm chun tionchair a íoslaghdú.

## Conas a imreoidh an tionscadal seo tionchar ar an timpeallacht?

Scrúdóimid an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag roghanna ar limistéar. Déanaimid measúnú ar an gcás reatha sa limistéar maidir le sláinte, callán, éiceolaíocht, taitneamhacht amhairc, cáilíocht aeir, flóra agus fána agus ábhair ábhartha eile. Scrúdóimid ansin an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag cábla faoin talamh ar gach ceann acu seo. Nuair a thagann tionchair chun cinn, cuirfimid bearta san áireamh i gcónaí chun na tionchair seo a sheachaint nó a laghdú go dtí leibhéil inghlactha.

## Conas a imreoidh an tionscadal seo tionchar ar láithreacha oidhreachta agus cultúrtha?

Scrúdóimid an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag roghanna ar limistéar. Déanaimid measúnú ar dtús ar an gcás reatha sa limistéar maidir le láithreacha oidhreachta agus cultúrtha. Scrúdóimid ansin an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag cábla faoin talamh ar gach ceann acu seo. Nuair a thagann tionchair chun cinn, cuirfimid bearta san áireamh i gcónaí chun na tionchair seo a sheachaint nó a laghdú go dtí leibhéil inghlactha.

## Conas a imreoidh an tionscadal seo tionchar ar an tírdhreach?

De bhrí go gcuirfear an chuid is mó den bhonneagar faoin talamh, beidh tionchar an-teoranta ar an tírdhreach. Beidh tionchar tógála ann áfach – ach beidh seo sealadach.

## An imreoidh an tionscadal seo tionchar ar luach mo réadmhaoine?

Nuair a thosaímid ag sainiú bealach nua, bíonn ábhair imní intuigthe ann faoin tionchar féideartha ar thalamh agus ar réadmhaoin. Go háirithe, bíonn imní ar dhaoine a bhfuil talamh nó teach acu cóngarach don bhealach go dtiocfaidh laghdú ar luach a réadmhaoine nó go mbeidh teorainn ar an gcaoi ar féidir leo í a fhorbairt amach anseo. Ach níl aon fhianaise ann go bhfuil bonneagar reatha ina chúis le díluacháil fhadtéarmach talún ná réadmhaoine.

## An imreoidh Réimsí Leictreamaighnéadacha a bhaineann leis an tionscadal tionchar diúltach ar mo shláinte?

Tá na réimsí leictreamaighnéadacha a chuireann bonneagar tarchurtha amach ag minicíocht an-íseal, agus tá siad ag an gceann neamhianaithe den speictream leictreamaighnéadach. Dearaimid agus feidhmímid an eangach tarchurtha de réir moltaí déine sábháilteachta arna ndéanamh ag gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá tuilleadh faisnéise ar réimsí leictreamaighnéadacha agus na treoirlínte a gcloímid leo inár mbróisiúr "An Eangach Leictreachais agus Do Shláinte", atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

## An imreoidh Réimsí Leictreamaighnéadacha a bhaineann leis an tionscadal tionchar diúltach ar an tionscal eachaí?

In 2014, rinneamar gealltanas cleachtas agus taighde idirnáisiúnta a fhiosrú maidir le línte cumhachta agus an earnáil eachaí. Thug an grúpa innealtóireachta agus eolaíochta, Exponent, faoi seo agus tá an t-athbhreithniú iomlán ar fáil **anseo**.

Maidir le capaill, deir Exponent: "Níor sainaithníodh aon staidéar eolaíochta ar thionchair fhéideartha Réimsí Leictreamaighnéadacha ar chapaill sa léirbhreithniú ar an litríocht." Táimid tiomanta do phróiseas monatóireachta leanúnaí ar thaighde ar Réimsí Leictreamaighnéadacha, agus cuirfimid ar fáil an fhaisnéis is deireanaí don phobal ar an tsaincheist. Dearaimid agus feidhmímid an eangach tarchurtha de réir moltaí déine sábháilteachta arna ndéanamh ag gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Conas a úsáidtear ár n-aiseolas chun an tionscadal seo a thabhairt chun cinn?

Leanfaimid ar aghaidh de bheith ag dul i gcomhairle agus i dteagmháil le páirtithe leasmhara, comhpháirtithe agus an pobal i gcoitinne maidir leis an tionscadal seo. Tá bhur n-aiseolas tábhachtach dúinn agus meastar é in éineacht lenár staidéir agus tuairiscí go léir. Cuirimid bhur n-aiseolas san áireamh:

- nuair a dhéanaimid cinntí faoin tionscadal,
- chun cabhrú linn tionchar thógáil an tionscadail a íoslaghdú ar an bpobal áitiúil, agus
- chun an chaoi a ndéanaimid cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal a fheabhsú.



# Céim 4 – Sracfhéachaint

**Céim 1** Sainaithint riachtanais na heangaí i gcrích.

**Céim 2** Sainaithint na dteicneolaíochtaí lenar féidir na riachtanais seo a chomhlíonadh i gcrích.

**Céim 3** Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfaí tionchar a imirt air?

**Céim 4** Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?

**Céim 5** Iarratas a dhéanamh ar chead pleanála.

**Céim 6** Tógáil, fuinnmhiú (í a dhéanamh beo) agus comhroinnt tairbhí.

## Céim 4 Sracfhéachaint

### Céard atá ag tarlú?

I gCéim 4, pleanálfaimid an áit go díreach a dtógfaimid. Déanfaimid seo trí roghanna bealaigh a shainaithint agus a mheasúnú, le haiseolas uaibhse agus ó pháirtithe leasmhara eile.

### Cá fhad a thógfaidh seo?

Le Céim 4 beimid ag dul isteach i samhradh 2022.

### Cad ar féidir liom tionchar a imirt air?

Is féidir leat tionchar a imirt ar an áit a dtógfaimid an tionscadal seo.

### Cén chaoi ar féidir liom páirt a ghlacadh?

Beidh tú ábalta páirt a ghlacadh ar bhealaí éagsúla. Nuair a bheidh níos mó faisnéise againn le comhroinnt, déanfaimid teagmháil agus comhairliúchán ag leibhéal áitiúil le baill den phobal, úinéirí talún, agus ionadaithe áitiúla ón limistéar staidéir. Leanfaimid ar aghaidh freisin ag déanamh teagmhála go díreach le hionadaithe tofa, grúpaí ionadaíocha speisialta, gníomhaireachtaí comhshaoil agus pleanála. Más ball de ghrúpa pobail thú sa limistéar staidéir, féadfaidh tú a bheith ábalta a bheith páirteach inár bhfóram pobail don tionscadal seo. Is féidir leat coinneáil ar an eolas ag: **www.eirgrid.ie/KildareMeath**.

### Cad ar féidir liom tionchar a imirt air?

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil, clárú chun ríomhphoist nuashonraithe a fháil nó chun aiseolas a thabhairt ar an tionscadal seo, is féidir leat ríomhphost a chur chuig **KildareMeath@eirgrid.com** nó teagmháil a dhéanamh le d'Oifigeach Teagmhála Pobail:

**Gráinne Duffy ar +353 (0)85 887 4798**.

The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath D04 FW28
Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.com

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte